

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí atá, go bunúsach, mar an gcéanna nó cosúil leis na cinn a bhí á n-agairt sa chás T-555/22, an Fhrainc v an Coimisiún.

### Caingean arna tabhairt an 16 Nollaig 2022 — PB v BRA

(Cás T-789/22)

(2023/C 45/39)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

#### Páirtithe

*Iarratasóir:* PB (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (BRA)

#### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- cinneadh an 15 Feabhra 2022 a chur ar neamhní;
- cinneadh an 6 Meán Fómhair 2022 lena ndiúltaítear dá gearán a chur ar neamhní, a mhéid is gá;
- a ordú don chosantóir méid EUR 50 000 a chúiteamh don iarratasóir as an dochar a tharla de bharr sárú ar a cheart éisteachta agus ar a chearta cosanta;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne chinneadh an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) diúltú dá iarraidh ar chúnamh, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh cearta cosanta an iarratasóra agus lochtanna nós imeachta. Sa chéad chuid, líomhnaíonn an t-iarratasóir gur sáraíodh prionsabal na trédhearcachta, nach féidir a chreidiúint i neamhspleáchas an údaráis a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích agus gur diúltaíodh rochtain ar an bhfaisnéis agus ar eilimintí bunriachtanacha an chomhaid. Sa dara cuid, líomhnaíonn an t-iarratasóir gur sáraíodh prionsabal na rúndachta le linn dó a iarraidh ar chúnamh a láimhseáil, mainneachtain ráthaíochtaí nós imeachta a urramú, mainneachtain nós imeachta atá cóir agus oibiachtúil a chur chun feidhme agus, ar deireadh, gur sáraíodh Airteagal 4.2 agus Airteagal 4.3 de. na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le ciapadh a chosc. Sa tríú cuid, déanann an t-iarratasóir gearán nach raibh aon neamhchlaontacht oibiachtúil agus suibíachtúil ann agus go raibh coinbhleachtaí leasa ann a chuir cosc ar scrúdú a iarratas ar chúnamh. Sa cheathrú cuid, líomhnaíonn an t-iarratasóir sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil ón údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh Airteagal 24 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“na Rialachán Foirne”), sárú ar an dualgas cúnamh a sholáthar agus an dualgas aird a thabhairt ar leas oifigeach agus ar leas na n-oifigeach agus drochriarachán.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráidí follasacha measúnaithe agus sárú ar Airteagal 12a de na Rialachán Foirne.